

Lúnasa 2019

FÓGRA D'FHOSTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE PINSIN

Do dheimhniú digiteach le haghaidh Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a athnuachan

Baineann ROS úsáid as deimhnithe digiteacha chun críocha fíordheimhnithe custaiméirí. Tá leibhéal ard slándála ag baint leo.

Ceann de na gnéithe slándála atá ag deimhnithe digiteacha ROS ná go bhfuil saolré uasta 2 bhliain acu, agus go bhfuil dátaí éaga pleanáilte iontu ón dáta eisiúna; rud a chiallaíonn go gcaithfear iad a athnuachan gach dara bliain. Áirítear an méid seo a leanas sa phróiseas meabhracháin athnuachana:

- an rogha le hathnuachan a dhéanamh ar dheimhniú 3 mhí sula dtéann an deimhniú in éag; agus
- seoltar meabhracháin ríomhphoist chuig an Riarthóir ROS sula dtéann an deimhniú in éag. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil do ríomhphost teagmhála ROS cothrom le dáta ionas go bhfaighidh tú na ríomhphoist seo.

Tá timpeall 130 míle deimhnithe digiteacha dlite le hathnuachan sna 6 mhí atá amach romhainn, agus is gá an tromlach díobh a athnuachan i mí Mheán Fómhair, mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna. Tá sé tábhachtach do dheimhniú digiteach ROS a athnuachan nuair a iarrtar ort é a dhéanamh, chun rochtain shlán ar ROS a chinntiú agus ionas go bhféadann tú do dhualgais tíolactha, íoca agus tuairiscithe a chomhlíonadh.

Céard a tharlaíonn mura ndéantar deimhniú ROS a athnuachan in am

- Rachaidh an deimhniú in éag agus cailltear gach rochtain ar ROS.
- Más é an príomhdheimhniú Riarthóra ROS an deimhniú atá imithe in éag, ní bheidh aon fho-úsáideoir in ann logáil isteach ar ROS ach an oiread.
- Má tá an deimhniú in éag nó ceann de na deimhnithe fo-úsáideora in úsáid i bpacáiste párolla chun cumarsáid dhíreach a dhéanamh le ROS, ní bheidh an rochtain nó cumarsáid seo ar fáil.

Cén chaoi le do dheimhniú digiteach ROS a athnuachan

Chun do dheimhniú a athnuachan, lean na céimeanna seo a leanas:

- Logáil isteach ar ROS - tiocfaidh an scáileán le do dheimhniú a athnuachan aníos.

- Cuir isteach do ‘Sean-phasfhocal’ (is é seo an ceann a bhí in úsáid agat le logáil isteach ar ROS go dtí seo).
- Cruthaigh ‘Pasfhocal Nua’ - beidh sé seo mar do phasfhocal nua logála isteach. Ní fhéadann ainm do dheimhnithe a bheith i do phasfhocal nua. Déan nóta de do phasfhocal nua.
- Cuir do phasfhocal nua a isteach arís ag ‘Deimhnigh Pasfhocal’.
- Clliceáil ar ‘Athnuaigh Anois’.
- Lean na leideanna ar an scáileán chun do dheimhniú athnuaite a **shábháil**.

Cruthófar deimhniú digiteach nua i do bhrabhsálaí gréasáin. Beidh an t-ainm céanna ag do dheimhniú nua agus a bhí ag an seandeimhniú, ach beidh an pasfhocal nua a chuir tú isteach aige.

An fáth a bhfuil sé tábhachtach do dheimhniú digiteach a ‘shábháil’

Nuair atá an deimhniú digiteach athnuaite, tá sé tábhachtach é a shábháil go slán. Ní bheidh seanchóipeanna den deimhniú a rinneadh roimh an athnuachan bailí le haghaidh ROS a thuilleadh.

Má úsáidtear an deimhniú athnuaite i bpacáiste párolla, teastóidh rochtain a bheith ag an bpacáiste párolla ar an deimhniú nua-shábháilte.

Is comhad ríomhaireachta é an deimhniú digiteach. Mura sábhálann tú do dheimhniú i bhfillteán buan nó i gcosán comhaid a fhéadtar a aimsiú arís, féadann sé go ndéantar do dheimhniú a shábháil i stóráil shealadach amháin. Déanann roinnt córas oibriúcháin ríomhaireachta nó brabhsálaithe an stóráil shealadach a scrios go huathoibríoch tar éis tréimhse ama, agus féadfaidh sé go ndéantar do dheimhniú a scriosadh ón stóráil shealadach sin.

Deimhnithe i bpacáistí bogearraí tuairiscithe dhírigh párolla

Má tá do dheimhniú in úsáid ag pacáiste tuairiscithe dhírigh párolla, féadann sé gur gá an pacáiste párolla a nuashonrú chun an deimhniú athnuaite a úsáid. Ba chóir d’úsáideoirí a chinntiú go leanann siad na treoracha an phacáiste párolla chun an deimhniú nua-shábháilte a roghnú nó a chur i bhfeidhm. Tar éis an deimhniú a athnuachan agus a shábháil, ba chóir d’fhostóirí tastáil a dhéanamh go bhféadann an pacáiste párolla cumarsáid a dhéanamh le ROS gan deacrachtaí.

Tá tuilleadh eolais maidir le deimhnithe digiteacha ROS ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim in Seirbhísí Tacaíochta ar Líne / Cabhair ROS.

Maura Conneely
Rannóg na gCánacha Pearsanta
Na Coimisinéirí Ioncaim